SPRIOC 2:
DEIREADH LE hOCRAS

LE: MARGREET DE HEER

2 DEIREADH LE hOCRAS



SEO AN RUD A DHÉANFAIMIS FAOI

CUIR DEIREADH LE MÍCHOTHÚ

CUIR FEABHAS AR NA CLÁIR OIDEACHAIS AGUS SÓISIALTA AR MHAITHE LE: MÁITHREACHA, NA PÁISTÍ AGUS AN AICME AOSTA

CUIR DEIREADH/ DÉAN BAINISTIÚ

AR NA TUBAISTÍ NÁDÚRTHA

TACAIGH LEIS NA FEIRMEOIRÍ BEAGA

NA MNÁ AGUS AN POBAL DÚCHASACH ACH GO hÁIRITHE

COSAIN ÉAGSÚLACHT

NA mBARRAÍ AGUS NA nAINMHITHE FEIRME

COMICS UNITING NATIONS

Ullmhaíonn Thandekile (31) mealbhacán sa bhaile sa tSiombáib. Grianghraf: Cynthia R. Matonhodze



SAVING LIVES
CHANGING LIVES

WFP
World Food Programme

Cairt an Ocrais 2020

OCRAS SEASTA

Má leanann an claonadh seo, beidh 840 milliún duine gan go leor bia a bheith acu faoin mbliain 2030

<2,5%	<5%	5-14,9%	15-24,9%	25-34,9%	>35%	NÍL EOLAS AR FÁIL

Minicíocht an ghannchothaithe sa daonra ina iomlán (%) i 2017-19

Cothaíonn Nomatter (11) agus Forward (8) na sicíní sa bhaile sa tSiombáib agus súil á choimeád ag a mamaí Thandekile orthu. Grianghraf: Cynthia R Matonhodze

Tugann Thandekile (31) agus a hiníon Nomatter (11), uisce chun an tí sa tSiombáib.
Grianghraf: Cynthia R. Matonhodze

EBIYUNI YAMS
Obulaya Irish Potatoes
DRY YAMS
Dry Cassava
Cassava Mukunga
TURMERIC EBIZALI
BARUNGU
RWAISE
AMASOMI FOOD.
Omubwi
Doo
Enga
07

ROCHTAIN DO CHÁCH AR BHIA SLÁN COTHAITHEACH

Deireadh a chur leis an ocras faoin mbliain 2030, agus rochtain ar go leor de bhia slán cothaitheach a dheimhniú do chách, do na boicht, do dhaoine leochaileacha, do leanaí ach go háirithe, bia a bheadh ar fáil ar feadh na bliana.

IONCAIM AGUS TÁIRGIÚLACHT NA dTÁIRGEOIRÍ BEAGA BIA A MHÉADÚ FAOI DHÓ

Ioncaim agus táirgiúlacht na bhfeirmeoirí agus na dtáirgeoirí beaga bia a mhéadú faoi dhó faoin mbliain 2030, agus aire a thabhairt ach go háirithe do na mná, don phobal dúchasach, do na hiascairí agus do na tréadaithe. Caithfear cothroime rochtana slán a ghealladh dóibh ó thaobh talaimh de, acmhainní táirgiúlachta, oideachas, seirbhísí airgeadais, margaí agus deiseanna breisluacha agus fostaíocht taobh amuigh den fheirmeoireacht.

COIMEÁD AN ÉAGSÚLACHT GHÉINITEACH I dTÁIRGEADH AN BHIA

Caithfear an éagsúlacht ghéiniteach a bhaineann le síolta, le plandaí cothaithe, le hainmhithe feirme agus le hainmhithe allta áirithe eile a chinntiú faoin mbliain 2020. Caithfear stórais dhea-rialta de shíolta agus d'éagsúlacht plandaí a choimeád go réigiúnach, go náisiúnta is go hidirnáisiúnta. Caithfear na buanna a thagann ó shaothrú na n-acmhainní géiniteach agus ó na modhanna traidisiúnta feirmeoireachta a roinnt go cothrom ar chách de réir mar a shocraítear go hidirnáisiúnta.

BAC A CHUR LE SRIANÚ TRÁDÁLA FEIRMEOIREACHTA, LE SAOBHADH NA MARGAÍ AGUS LE FORDHEONTAIS EASPÓRTÁLA

Caithfear srianú trádála agus saobhadh na margaí domhanda d'earraí feirmeoireachta a leigheas, deireadh a chur leis na fordheontais easpórtála agus gach straitéis ar aon dul leo a stopadh díreach mar a luaitear sa mhandáid a tugadh do Bhabhta Forbartha Doha.

DEIREADH A CHUR LE GACH SAGHAS MÍCHOTHAITHE

Deireadh a chur le gach saghas míchothaithe faoin mbliain 2030. Na spriocanna idirnáisiúnta a bhaineann le heaspa chothaithe na leanaí faoi 5 bliana a shroicheadh faoi 2025. Caithfear freastal ar riachtanais chothaithe na gcailíní ógánta, na mban atá ag iompar nó ag lachtadh, agus ar riachtanais an lucht aosta.

TÁIRGEACHT INBHUANAITHE AN BHIA AGUS CLEACHTADH LÁIDIR TALMHAÍOCHTA

Caithfear táirgeacht inbhuanaithe an bhia agus cleachtadh láidir talmhaíochta a ghealladh faoin mbliain 2030. Mhéadódh a leithéid an táirgiúlacht agus an táirgeadh ar bhealach a chosnódh an t-éiceachóras agus a bheadh ábalta seasamh in aghaidh an athraithe aeráide, in aghaidh na dtuilte, in aghaidh na hadhaimsire agus na dtubaistí eile, agus a chabhródh le caighdeán na cré agus na talún a fheabhsú.

INFHEISTÍOCHT A DHÉANAMH IN INFREASTRUCHTÚR NA TUAITHE, SA TAIGHDE TALMHAÍOCHTA, SA TEICNEOLAÍOCHT AGUS I mBANC NA GÉINE

Caithfear infheistíocht bhreise a chur in infreastruchtúr na tuaithe, sa taighde talmhaíochta agus i seirbhísí a bheadh bainteach leis, i mbainc géinte plandaí agus ainmhithe, agus i gcur chun cinn na teicneolaíochta, le cabhair agus le comhoibriú idirnáisiúnta. Chuirfeadh sé seo go mór leis an táirgiúlacht talmhaíochta sna tíortha i mbéal forbartha, agus sna tíortha is boichte díobh ach go háirithe.

SEASMHACHT NA MARGAÍ EARRAÍ BIA AGUS ROCHTAIN THRÁTHÚIL AR EOLAS A CHINNTIÚ



Caithfear straitéis a chur i bhfeidhm a chinnteoidh go rialófar na margaí earraí bia ar bhealach cóir, agus a chuirfidh eolas faoi na margaí ar fáil go tráthúil. Má bhíonn eolas ar fáil go forleathan faoi stoic bia, ba cheart go gcoimeádfaí srian ar luaineacht na bpraghsanna bia.

Tháinig Agusti (33) chuig campa Palabek sa bhliain 2017 in éineacht le seachtar dá mhuintir, agus iad ag teitheadh ón gcogadh sa tSúdáin Theas. Is é Agusti duine de na fiontraithe is fearr a bhaineann leis an tionscadal anseo. Bíonn rath ar an ngarraíodóireacht a dhéanann sé, bhunaigh sé dhá ghnó eile, cheannaigh sé gabhar agus d'éirigh leis an teacht isteach a mhéadú faoi 150%. Grianghraf: Sarah Fretwell

Ainmhithe Feirme sa tSiombáib.
Grianghraf: Cynthia R. Matonhodze